# Scéal, Scéal, Scéal...

## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige




Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

25 Feabhra 2021

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

### SEACHTAIN NA GAEILGE 2021

Beidh go leor imeachtaí fíorúla ar siúl le haghaidh **Seachtain na Gaeilge 2021**. Glacfaidh **Tigh Standún** seilbh ar chuntas Instagram Chonradh na Gaeilge ar an 12ú Márta mar chuid den togra Gnó le *Gaeilge*. Beidh an seimineár **Paisean don Fhaisean** ar siúl ar an 12ú Márta @ 7:30i.n. faoi threoir Caroline Seoighe as Leitir Móir agus cainteoirí aitheanta eile. Beidh Tráth na gCeist ar siúl ar an 8ú Márta ar*Zoom* agus beifear ag súil go mbeidh foirne ó chuile cheantar pleanála teanga in iomaíocht lena chéile. Beidh neart duaiseanna le buachan ar an oíche! Le tuilleadh eolais a fháil faoi na himeachtaí seo, agus faoin raon leathan ócáidí eile a bheas ar siúl déan teagmháil le gaillimh @cnag.ie

### HUP AN BAILE S'AGAINNE

Tá **'Hup an Baile s'Againne**!' tionscadal spéisiúil ar líne curtha ar bun ag **Traidphicnic**. Is féidir pictiúir físeáin, logainmneacha áitiúla, scéalta, pisreoga, nósanna áitiúla, ceol, amhráin nó damhsaí a sheoladh ar aghaidh agus cuirfear suas ar leathanach Facebook speisialta atá cruthaithe don tionscadal iad. Tá ábhar spéisiúil á thaifeadadh agus á chur suas cheana féin. Más mian leat páirt a ghlacadh ann, moltar teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig traidphicnic@gmail.com.

### PORTRÁIDÍ CRAITHRAIGH

Léireofar an gearrscannán **Portráidí Criathraigh** ar an Luan 1/03 @ 7:30i.n. ar *Zoom*.Tugann an scannán a stiúraigh Ríonach Ní Néill agus Joe Lee léargas ar shaothar ealaíne a chruthaigh Seán Ó Flaithearta i bportach i Ros Muc i gcuimhne ar Bhridget Aylward nó 'Banríon Alaska' agus an damhsóir ar an sean-nós Cóilín Sheáin Dharach Seoighe. Níl costas i gceist agus is féidir clárú ar an suíomh idirlín: www.turas chonamara.ie




### COMÓRTAS CÚLA4

Tá comórtas fógartha ag Cúla4 inar féidir cóip de *'An Fiaclóir Fíochmhar'* agus *'Mamó an Gadaí Mór'* ó David Walliams a bhuachan. Níl le déanamh ach ceist a fhreagairt ar an suíomh idirlín www.cula4.com le cur isteach ar an gcomórtas agus cuirfear d'ainm chun cinn. Go n-éirí libh, a chairde!



### IRISEOIR LE FOSTÚ AG NUACHT RTÉ/TG4

Tá Nuacht RTÉ/TG4 sa tóir ar iriseoir ilmheán a bheidh lonnaithe i gCasla. Post lánaimseartha atá ann. Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine le taithí san iriseoireacht agus i scéalta nuachta a fhorbairt, a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge scríofa agus labhartha acu agus scileanna scríbhneoireachta agus fo-eagarthóireachta don fhoilsitheoireacht ar líne acu. Ba cheart go mbeadh an-eolas ag iarrthóirí ar chúrsaí reatha agus nuachta maraon le cúrsaí náisiúnta, idirnáisiúnta agus réigiúnacha. Buntáiste é taithí sa gcraoltóireacht a bheith ag iarrthóirí. Beidh agallamh, measúnú agus scrúdú ceamara/micreafóin mar chuid den bpróiséas roghnaithe. Glacfar le hiarratais go dtí an Aoine 26ú Feabhra @ 5i.n. Is féidir iarratas a dhéanamh ag www.candidate manager.net

### LÁ LE MAMÓ NO DAIDEO

Tá chuile shraith den chlár **Lá le Mamó nó Daideo** le fáil ar Sheinnteoir TG4 anois. Sraith clár é seo ina gcaitheann páiste óg an lá in éineacht le Mamó nó Daideo le scil nua a fhoghlaim uathu. Ó lá ar an bhfeirm go turas go dtí an tréidlia, is iomaí sin taithí, scil agus cleachtas nua a fhoghlamaíodh sa gclár suimiúil seo.




## CEARDLANN SCRÍBHNEOIREACHTA

Tá ceardlann scríbhneoireachta do ghasúir 9 mbliana agus os a chionn á reáchtáil ag **Tuimsitheoirí na Gaeltachta** ar an Satharn 27ú Feabhra @ 12 meán lae ar *Zoom*. Siobhán Ní Mhuineacháin as ceantar Mhúscraí a bheidh á stiúrú. Scéalta ón mbéaloideas áitiúil a bheas mar théama lárnach ag Siobhán. Tabharfaidh sí léargas ar an stíl agus modh a d'úsáid sí dá leabhar nua **An Gadaí Dubh** chomh maith. Déan teagmháil le roibeard@tuismitheoiri.ie le clárú. Moltar clárú roimh ré le spás a chur in áirithe.

## GEARRSCÉALTA UÍ CHADHAIN

**'Ciumhais an Chriathraigh'** an chéad ghearrscéal eile de chuid Mháirtín Uí Chadhain a bheas á phlé ar *Zoom* ar an Domhnach 28 Feabhra. Sa gcnuasach *'Cois Caoláire'* a foilsíodh ar dtús é. 'Sí Peigí Ní Chonghaile a roghnaigh an scéal agus a bheas i gceannas ar an seisiún. Le páirt a ghlacadh sa bplé ní mór an scéal a léamh agus teagmháil a dhéanamh le Katie ag optchoisfharraige@gmail.com le clárú agus seolfar an nasc chugat.






## FIONTRAÍOCHT CHOIS FHARRAIGE

Tá na lanna taoille is láidre ar domhan déanta agus tástáilte ag **ÉireCompositesTeoranta**, cliantchomhlacht de chuid Údarás na Gaeltachta atá lonnaithe ar an gCoill Rua in Indreabhán. Úsáidtear na lanna seo i gcúrsaí fuinnimh inathnuaite mara. Tá siad in ann lód os cionn 100 tonna meáchain a thógáil, an mhéid is mó a tuairiscíodh fós áit ar bith ar domhan. Tá **ÉireComposites Teo** lárnach i dtaighde ar lanna tuirbíní gaoithe freisin agus tá earraí nua atá forbartha acu mar chuid de thrialacha ar thuirbíní gaoithe in Albain. Tá an gnó idirnáisiúnta seo lonnaithe ar an gCoill Rua ó 2002, le thart ar 60 fostaithe idir foireann taighde, innealtóireachta, táirgeachta agus tástála.


## CAS STÉIBH!

Beidh **Seisiún na nGasúr**, imeacht de chuid an togra **Cas Stéibh** ar siúl ar an Domhnach 28 Feabhra @ 7i.n. Tá Ealaíon na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta agus Roinn na Gaeltachta tagtha le chéile le deis a thabhairt d'óige na Gaeltachta agus laochra sean-nóis ár linne bheith páirteach le chéile in oíche airneáin cois teallaigh ar *Zoom*. Tá fáilte roimh amhránaithe agus éisteoirí ar aon. Is féidir clárú tré theachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig cassteibh@gmail.com Moltar súil a choinneáil ar an gcuntas Facebook agus Instagram **Cas Steibh!** áit a bhfoilseofar eolas cuí maidir le Seisiún na nGasúr Bunscoile. Maith sibh a chairde!




## CLOSLEABHAIR GHAEILGE DO GHASÚIR

Tá cuid mhór closleabhar Ghaeilge do pháistí ar fáil anois agus iad saor in aisce! Tá **An Garbhán,** á léamh ag Gabriel Rosenstock, **Ciara Chainteach** le María Boden, **Leanbh Nua** le Carmel Uí Cheallaigh agus **Nílim ag Iarraidh Dul ar Scoil** le hÁine Ní Ghlinn, Laureate na nÓg ar chuid díobh. Is iad WalkerÉireann, Raidió na Life agus Foras na Gaeilge atá á sholáthar. Is féidir na closleabhair a fháil ar a gcuid suímh idirlín. Bígí ag léamh libh!












**Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh linn i *Scéal, Scéal, Scéal...* is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag optchoisfharraige@gmail.com Is féidir teagmháil a dhéanamh linn freisin má tá eolas ag teastáil uait ar aon cheann de na scéalta a luaitear anseo!**

## AN GHAELTACHT FAOI BHLÁTH

Cuireadh tús bríomhar leis an n**Gaeltacht faoi Bhláth** Dé Máirt seo caite. Leanfar leis an Mháirt seo 2ú Márta @ 7:30i.n. Mairéad Ní Lionáird ón gcomhlacht FOLLÁIN a bheas ag caint faoi Ghairdín na Luibheanna. Déan teagmháil le Katie ag: optchoisfharraige@gmail.com le bheith páirteach ann agus seolfar nasc *Zoom* chugat ar an lá. Moltar clárú roimh am lóin ar an Mháirt le spás a dheimhniú. Beidh deis ag na rannpháirtithe ceisteanna a chur ar Mhairéad agus beidh duais iontach le buachan ar an oíche chomh maith. Níl costas i gceist leis an ócáid seo. Bígí linn a chairde!

